**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2008, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

**ROINN A (100 marc)**

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**ROINN B (300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Luaigh **trí** thoisc lena gcinntear éifeachtacht saothair:

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**2.** "Meastar go gcosnaíonn an Geilleagar Dubh os cionn €1 billiún ar Gheilleagar na hÉireann in aghaidh na míosa." (Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME), Lúnasa 2007)

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh modh **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a mhímhisniú.

**Míniú**: ______________________________

**Modh**: ______________________________

**(16 mharc)**

**3.** Déanann gnólacht 100 deasc scoile gach seachtain agus tá na costais iomlána táirgeachta seo a leanas aige: Saothar €2,000 (fostaithe go seachtainiúil); Amhábhair €3,500; Gnáthbhrabús €1,500; Cíos €3,000. Cad é an t-íosphraghas ar gach deasc scoile a d'fhéadfadh an gnólacht seo a ghearradh **sa ghearrthréimhse**?
Mínigh do fhreagra. (Taispeáin do chuid oibre go léir.)

Obair:

**Íosphraghas**:

______________________________

**Míniú**:

______________________________

______________________________

**(16 mharc)**

**4.** Sainmhínigh **forbairt eacnamaíoch.** Luaigh **dhá** bheartas lena bhféadfadh na rialtais i dtíortha beagfhorbartha (LDC *i mBéarla*) forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn.

**Sainmhíniú**: ______________________________

______________________________

**Beartas (i)**: ______________________________

**Beartas (ii)**: ______________________________

**(16 mharc)**

**5.** Sainmhínigh córas eacnamaíoch **Saorfhiontraíochta** agus luaigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** atá ag an gcóras seo.


**Sainmhíniú**: ______________________________

______________________________

**Buntáiste**: ______________________________

**(16 mharc)**

**6.** I Lúnasa 2008 beidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl sa tSín agus 7 milliún ticéad ar fáil don ócáid. Ar an léaráid thíos tarraing cuar an tsoláthair do na ticéid agus mínigh an chúis atá lena chruth.




**Míniú**:

________________________________

________________________________

________________________________

**(17 marc)**

**7.** 'Tá easnamh i gcuntas reatha na hÉireann i g**Comhardú na n-íocaíochtaí**'. Mínigh an bhrí atá leis an ráiteas seo agus luaigh **dhá** chúis leis an staid seo.

**Míniú**: ________________________________


**Cúiseanna:**

**(i)** ________________________________

**(ii)** ________________________________

**(17 marc)**

**8.** Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in iomaíocht neamhfhoirfe, agus atá ag iarraidh a bhrabús a uasmhéadú. Lipéadaigh an léaráid agus bain úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar staid na cothromaíochta fhadtréimhsí do ghnólacht atá in iomaíocht neamhfhoirfe.




**Cur síos:**

**(i)** ________________________________

**(ii)** ________________________________

**(iii)** ________________________________

**(iv)** ________________________________

**(17 marc)**

**9.** D'ardaigh praghsanna ola go seasta i rith na bliana seo caite. Luaigh **dhá** chúis eacnamaíocha leis an ardú seo. Luaigh costas sóisialta **amháin** agus sochar sóisialta **amháin** a thagann as na praghsanna a bheith ag ardú.

**Cúiseanna:**

**(i)** ________________________________

**(ii)** ________________________________

**Costas Sóisialta**: ________________________________

**Sochar Sóisialta**: ________________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** **(i)** Mínigh '**Dlí an Éilimh**' agus tabhair sampla de.
**(ii)** Luaigh agus mínigh **trí** eisceacht do 'Dhlí an Éilimh'.

*(20 marc)*

**(b)** Taispeánann na sonraí thíos na sceidil a bhaineann le héileamh agus le soláthar an mhargaidh do Sheinnteoirí MP3.

| **Praghas €** | **Cainníocht á héileamh (aonaid)** | **Cainníocht á soláthar (aonaid)** |
|---|---|---|
| 20 | 100 | 20 |
| 30 | 80 | 40 |
| 40 | 60 | 60 |
| 50 | 40 | 80 |
| 60 | 20 | 100 |

**(i)** Bain úsáid as na sonraí thuas, tarraing an léaráid agus taispeáin inti na cuair a bhaineann le héileamh agus le soláthar an mhargaidh do Sheinnteoirí MP3.
**(ii)** Taispeáin ar do léaráid praghas agus cainníocht na Seinnteoirí MP3 ag a bhfuil an margadh seo i gcothromaíocht.
**(iii)** Bain úsáid as na sonraí seo agus ríomh **praghasleaisteachas an éilimh** nuair a athraítear an praghas ó €40 go €50. (Taispeáin do chuid oibre go léir.)
An bhfuil an t-éileamh ar Sheinnteoirí MP3 leaisteach nó neamhleaisteach de thoradh an athrú praghais seo? Mínigh do fhreagra. *(30 marc)*

**(c)** **(i)** Déan tagairt do do léaráid i **1(b) (i)**. Glac leis go dtagann méadú 40 aonad ar éileamh an tomhaltóra ar Sheinnteoirí MP3 ar gach praghas atá liostaithe thuas, agus go bhfanann an soláthar gan athrú. Tarraing cuar an éilimh **nua** don staid seo agus taispeáin an praghas cothromaíochta nua agus an chainníocht chothromaíochta nua.
**(ii)** Mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfaí a thabhairt don athrú i gcuar an éilimh.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**2.** **(a)** Mínigh, le cabhair léaráide, staid na cothromaíochta fadtréimhsí do ghnólacht monaplachta atá ag iarraidh a bhrabús a uasmhéadú.

*(25 marc)*

**(b)** **(i)** Sainmhínigh idirdhealú praghsanna.
**(ii)** Mínigh **trí chineál** idirdhealú praghsanna agus bain úsáid as samplaí oiriúnacha i ngach cás.

*(20 marc)*

**(c)** **(i)** Luaigh agus mínigh **trí** bhacainn ar iontráil a bhíonn le sárú ag iontrálaithe ag dul isteach i margadh monaplachta.
**(ii)** Tá **Dírialáil** na margaí (i.e. soláthróirí breise earra nó seirbhíse a ligean isteach sa mhargadh) mar fhorbairt leanúnach i ngeilleagar na hÉireann, e.g. fuinneamh, fóin phóca, iompar etc.

**Mínigh** conas a d'fhéadfadh an dírialáil dul i bhfeidhm:
**(i)** Ar thomhaltóirí earra / seirbhíse;
**(ii)** Ar fhostaithe sa tionscal;
**(iii)** Ar bhrabús na ngnólachtaí atá ann cheana.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

**3.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh an toisc tháirgeachta **'Fiontraíocht'**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith a dhéanann toisc tháirgeachta faoi leith den fhiontraíocht.

**(iii)** An dtuilleann gach fiontraí an leibhéal céanna brabúis? Mínigh do fhreagra.

*(30 marc)*

**(b)** Tuilleann innealtóir bogearraí ríomhaireachta €40,000 sa bhliain san fhostaíocht atá aici faoi láthair. Socraíonn sí a bheith ina fiontraí agus a gnó féin a chur ar bun. Tá sí ag súil le €75,000 a thuilleamh sa bhliain.

**(i)** Cad é 'praghas an tsoláthair' ag an bhfiontraí seo? Mínigh do fhreagra.

**(ii)** Má fheidhmíonn an gnó mar atá súil leis, an dtuillfidh an fiontraí 'cíos eacnamaíoch'? Mínigh do fhreagra.

*(15 mharc)*

**(c)** Is gnó dlúthfhostaíochta atá sna seirbhísí poiblí. Dá bhrí sin, is cuid thábhachtach de chaiteachas reatha an rialtais é bille pá na hearnála poiblí.

**(i)** Mínigh cén fáth nach mbeadh Táirgiúlacht Theorannach Ioncaim (TTI) ina modh oiriúnach chun pá a shocrú san Earnáil Phoiblí.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh eile chun na leibhéil phá a shocrú san earnáil phoiblí.

**(iii)** Luaigh slite ina bhféadfadh an tAire Airgeadais bille pá na hEarnála Poiblí a laghdú.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**4.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh na téarmaí **Olltáirgeacht Intíre ar Mhargadhphraghas Reatha** agus **Ioncam Náisiúnta**.

**(ii)** Mínigh an coibhneas idir an dá théarma.

*(30 marc)*

**(b)** Déanann **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** do gheilleagar oscailte cur síos ar na sreabhaí a mbíonn tionchar acu ar Ioncam Náisiúnta.

**(i)** Luaigh agus mínigh **trí** shileadh amach as Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim i ngeilleagar oscailte agus **trí** instealladh isteach ann.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an iarmhairt a bheadh ar leibhéal na fostaíochta sa gheilleagar dá mbeadh na sileadh iomlán níos mó ná na hinstealltaí. Mínigh do fhreagra.

*(20 marc)*

**(c)** Tá sé tuartha ag Banc Ceannais na hÉireann go mbeidh ráta níos moille fáis i ngeilleagar na hÉireann sa bhliain 2008.

Pléigh na hiarmhairtí eacnamaíocha d'Éirinn ar ráta níos moille fáis i ngeilleagar na hÉireann.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** Sa tábla thíos taispeántar Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

| **Tír** | **Aschur (táirgeacht oibrí sa tseachtain)** | |
|---|---|---|
| | **Éadaí** | **Teilifíseáin** |
| **An Chóiré Theas** | 30 aonad | 10 n-aonad |
| **An tSín** | 40 aonad | 20 aonad |
| **Aschur Iomlán** | 70 aonad | 30 aonad |

**(i)** Luaigh Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.
**(ii)** Mínigh conas a bhaineann an dá thír leas as an trádáil idirnáisiúnta sa sampla thuas.
**(iii)** Ríomh **téarmaí trádála** an dá earra. (Taispeáin do chuid oibre go léir.)

*(30 marc)*

**(b)** Pléigh na hiarmhairtí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le **laghdú** ar luach dhollar Mheiriceá ($) i gcomparáid leis an euro (€).

*(20 marc)*

**(c)** Tá sé ag éirí níos deacra Infheistíocht Choigríche Dhíreach (comhlachtaí ilnáisiúnta) a mhealladh go hÉirinn.
Pléigh na cúiseanna eacnamaíocha a bhaineann leis an bhforbairt seo.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Idirdhealaigh idir na téarmaí i n**gach** ceann díobh seo a leanas:

**(i)** 'cánachas forchéimnitheach **agus** 'cánachas cúlchéimnitheach';
**(ii)** 'seachaint cánach' **agus** 'imghabháil cánach'.

*(20 marc)*

**(b)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar phríomhfheidhmeanna an chánachais.
**(ii)** Agus sampla á úsáid agat, mínigh an bhrí atá leis an téarma 'luí cánach'.
**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ngearrann an tAire Airgeadais cánacha go rialta ar earraí mar an alcól, na toitíní agus an artola i gcáinaisnéis bhliantúil an Rialtais?

*(30 marc)*

**(c)** **(i)** Tá athrú i bhfócas an Rialtais ó cháin dhíreach go cáin indíreach. Pléigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha agus **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis sin.
**(ii)** Caithfidh Éire a 'lorg carbóin' (i.e. leibhéal na n-astuithe gáis cheaptha teasa ó bhreoslaí iontaise) a laghdú 20% in imeacht na 12 bhliain seo chugainn**.** Mínigh **dhá** shlí ina bhféadfaí an córas cánachais a úsáid chun an sprioc seo a bhaint amach.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**7.** **(a)** **(i)** Mínigh an téarma 'Príobháidiú' agus luaigh **dhá** shampla de chomhlachtaí a bhfuil príobháidiú déanta orthu in Éirinn.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint i bhfabhar Príobháidithe agus **dhá** argóint ina choinne do gheilleagar na hÉireann.

*(30 marc)*

**(b)** Ceann amháin d'aidhmeanna eacnamaíocha an rialtais is ea 'Forbairt Chothrom Réigiúnach'.

**(i)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma a bhfuil líne faoi.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheartas a d'fhéadfadh an rialtas a chur i bhfeidhm chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn.

**(iii)** 'Tá deischostas ag Beartas Cothrom Réigiúnach.' Mínigh an ráiteas sin agus bain úsáid as sampla chun tacú le do fhreagra.

*(25 marc)*

**(c)** Tá méadú ar an 'Ráta Beireatais' in Éirinn thar na mblianta roimhe seo. (Daonáireamh POS 2006).

**(i)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma a bhfuil líne faoi.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíocha a thiocfaidh as struchtúr athraitheach dhaonra na hÉireann agus as méid an daonra.

*(20 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** **(i)** Mínigh, le cabhair sampla, conas is féidir leis na bainc creidmheas a chruthú.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tslí a bhféadfadh sé dul i bhfeidhm ar chumas na mbanc creidmheas a chruthú dá mbeadh fonn orthu leibhéal na ndrochfhiach acu a laghdú.

**(iii)** Mínigh **dhá** thoisc eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a gcumas creidmheas a chruthú.

*(30 marc)*

**(b)** Mhothaigh saoránaigh na hÉireann méadú sa ráta boilsciú praghsanna i rith 2007.

**(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**(ii)** Pléigh iarmhairtí eacnamaíocha na forbartha seo ar gheilleagar na hÉireann.

*(20 marc)*

**(c)** Ríomh an t-innéacs don bhliain reatha don innéacs praghsanna ilchodach (ualaithe) a bhfuil trí chatagóir caiteachais ann, a thugtar sa tábla seo a leanas. Is é luach na bonnbhliana ná 100. (Taispeáin do chuid oibre go léir.).

| Catagóir | % den Ioncam a caitheadh ar earra(í) | Praghas Earra(í) sa bhonnbhliain | Praghas Earra(í) sa bhliain reatha |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Bia** | 40% | 20.00 | 24.50 |
| **Éadaí & Bróga** | 25% | 42.00 | 40.00 |
| **Earraí eile** | 35% | 30.00 | 36.00 |
| | 100% | | |

*(25 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

Leathanach Bán